Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026
(OR. en)

6849/26
ADD 3

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0059 (COD)**

COPEN 65
DROIPEN 40
COARM 28
ENFOPOL 74
JAI 261
CODEC 343

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2026) 103 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>[…]<br>a ghabhann leis an doiciméad<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáinneáil ar airm thine agus cionta eile a bhaineann le hairm thine a chomhrac agus lena leasaítear Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2026) 103 final.

---

Faoi iamh: SWD(2026) 103 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.2.2026
SWD(2026) 103 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

**[…]**

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le gáinneáil ar airm thine agus cionta eile a bhaineann le hairm thine a chomhrac agus lena leasaítear Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{COM(2026) 102 final} - {SEC(2026) 102 final} - {SWD(2026) 102 final}

GA GA

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| **Measúnú tionchair ar an Togra le haghaidh Treoir maidir le gáinneáil arm tine agus cionta eile a bhaineann le hairm thine a chomhrac** |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cad í an fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is é an dúshlán uileghabhálach san Aontas go gcuireann **foréigean a bhaineann le hairm thine slándáil shaoránaigh an Aontais i mbaol.** Tá líon na gcoireanna a bhaineann le hairm thine nó i gcás inar úsáideadh airm thine chun coir a dhéanamh fós ard agus tá méadú ag teacht orthu in go leor áiteanna san Aontas. Tá baint dhíreach ag an dúshlán sin le **hinfhaighteacht ard arm tine aindleathach atá ar chríoch an Aontais**, cé nach féidir figiúr beacht a chur ar an bhfeiniméan mar gheall ar an **easpa sonraí comhchuibhithe**. Meastar go dtiocfaidh méadú ar infhaighteacht ard arm tine aindleathach nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcoinbhleacht san Úcráin nó nuair a chobhsóidh sí.<br><br>Tá an creat coiriúil a dhéileálann le cionta den sórt sin **ilroinnte** ar leibhéal an Aontais. Tá sainmhínithe éagsúla ag na Ballstáit ar chionta a bhaineann le hairm thine agus ar phionóis éagsúla. Cuireann na neamhréireachtaí rialála sin idir na Ballstáit **bac ar chomhar trasteorann** agus bíonn tionchar diúltach acu ar imscrúdú agus ar ionchúiseamh cionta a bhaineann le hairm thine. Ina theannta sin, **níl leibhéil na bpionós éifeachtach ná athchomhairleach** go leor i ngach Ballstát. Rachaidh na saincheisteanna sin in olcas mar gheall ar **theicneolaíochtaí nua**, amhail priontáil 3T, rud a mhéadóidh infhaighteacht arm tine a mhonaraítear go príobháideach. |
| **Cad é toradh measta an tionscnaimh seo?** |
| Is é an cuspóir ginearálta **feabhas a chur ar chosaint daoine san Aontas ar an mbagairt a bhaineann le hairm thine aindleathacha.** Ba cheart díriú ar leibhéal na slándála a fheabhsú dár saoránaigh agus ar choireanna a bhaineann le hairm thine a laghdú.<br><br>Chun an cuspóir ginearálta sin a bhaint amach, leagtar amach ceithre **chuspóir shonracha** sa tionscnamh:<br>• É a dhéanamh níos éasca cionta a bhaineann le hairm thine a imscrúdú agus a ionchúiseamh<br>• Forfheidhmiú cionta a bhaineann le hairm thine atá slán i bhfad na haimsire a áirithiú<br>• Cineálacha agus leibhéil pionóis atá éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach a áirithiú do chionta a bhaineann le hairm thine<br>• Feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an dlí agus ar an gcomhar breithiúnach agus ar bhailiú comhchuibhithe sonraí maidir le cionta a bhaineann le hairm thine |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, déanfar foráil maidir le breisluach soiléir i ndáil le coireanna a bhaineann le hairm thine a chomhrac, ar coireanna iad a mbíonn gnéithe trasnáisiúnta acu de ghnáth, i gcomparáid leis an méid is féidir leis na Ballstáit a bhaint amach astu féin. Trí shainmhínithe dlíthiúla a chomhchuibhiú, leibhéil na bpionós a chomhfhogasú, agus uirlisí agus oibleagáidí a sholáthar le haghaidh comhar trasteorann i measc na mBallstát, cruthóidh an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais creat níos comhchuibhithe ina mbeidh íosleibhéal cosanta comhchuibhithe ar chionta a bhaineann le hairm thine. Éascóidh sé comhar trasteorann agus feabhsóidh sé imscrúduithe agus ionchúisimh. Ina theannta sin, cinnteoidh sé go mbeidh forfheidhmiú ann a sheasfaidh an aimsir trí theicneolaíochtaí nua a |

| |
|---|
| chur san áireamh.<br><br>Rachaidh gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun tairbhe do chuspóirí beartais eile de chuid an Aontais freisin toisc gur minic a bhaineann coireanna a bhaineann le hairm thine le cineálacha eile coireanna amhail sciúradh airgid, sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhrugaí, coireanna foréigneacha, góchumadh nó cineálacha eile coireachta eagraithe a bhfuil raon reachtaíochta glactha ag an Aontas ina leith le blianta beaga anuas. Rannchuideodh reachtaíocht níos éifeachtaí le straitéisí éifeachtacha um fhorfheidhmiú an dlí choiriúil agus ar an iomlán le slándáil shaoránaigh an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Déantar meastóireacht sa Mheasúnú Tionchair ar cheithre rogha beartais:<br>• Is éard atá i **Rogha 1 sraith beart neamhreachtach** arb é is aidhm dóibh an creat dlíthiúil atá ann cheana a shoiléiriú agus cur i bhfeidhm na rialacha ag na Ballstáit a fhorfheidhmiú. Tá sé d'aidhm ag na bearta freisin tacú le comhar trasteorann idir na Ballstáit, agus le gníomhaireachtaí an Aontais. Díríonn siad ar mholtaí chun béim níos mó a leagan ar theicneolaíochtaí nua, amhail priontáil 3T, agus chun tacar sonraí íosta a chur chun feidhme maidir le hurghabhálacha arm tine i measc na mBallstát.<br>• Foráiltear le **Rogha 2** do **ghníomhaíocht reachtach** chun coiriúlú na b**príomhchionta arm tine** a chomhchuibhiú (gáinneáil aindleathach, monarú aindleathach, modhnú aindleathach ar mharcálacha agus seilbh aindleathach arm tine), trí shainmhínithe a chomhchuibhiú agus trí íosleibhéil pionós uasta a bhunú. Is é is aidhm don reachtaíocht feabhas a chur ar imscrúdú, ionchúiseamh agus ciontú cionta a bhaineann le hairm thine. Éascóidh an creat comhchuibhithe comhar trasteorann. Foráiltear leis an rogha freisin go ndíreofar go reachtach ar theicneolaíochtaí nua chun go mbeidh forfheidhmiú an dlí in ann aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar an mbagairt, seachas aghaidh a thabhairt go frithghníomhach amháin. Ina theannta sin, mar chuid den ghníomhaíocht reachtach tá ceanglais maidir le tacar sonraí íosta comhchuibhithe a bhunú le haghaidh urghabhálacha arm tine agus na sonraí urghabhála a sheoladh chuig Mol Arm Tine na hEorpa. Foráiltear leis freisin d'oibleagáid ar na Ballstáit sonraí maidir le gáinneáil ar airm thine a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún 5 bliana tar éis chur chun feidhme na Treorach, mar chuid den mheastóireacht. Ar deireadh, cuimsítear sa ghníomhaíocht reachtach beart tiomnaithe maidir leis an gceanglas atá ar na Ballstáit Pointe Fócasach Náisiúnta Arm Tine a bhunú, chun feabhas breise a chur ar an gcomhar trasteorann.<br>• Déantar foráil i **Rogha 3** maidir le **meascán de ghníomhaíochtaí reachtacha agus de bhearta neamhreachtacha.** Go bunúsach, bheadh sé ina chóip de na gníomhaíochtaí reachtacha uile mar a thuairiscítear faoi rogha 2 le soiléiriú breise ar an gcaoi a n-oireann cionta níos leithne a bhaineann le hairm thine do na príomhchionta. Ina theannta sin, leathnófaí na gníomhaíochtaí reachtacha le bearta neamhreachtacha atá ceaptha chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí reachtacha. Dhíreofaí ar na ceachtanna a foghlaimíodh a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a chomhroinnt agus ar thástáil chomhpháirteach treoirphleananna atá nasctha leis na teicneolaíochtaí nua sin a éascú. Ina theannta sin, d'éascódh sé an comhar idir údaráis bhreithiúnacha trí Ghrúpa Fócasach a bhunú chun faisnéis a mhalartú.<br>• Le **Rogha 4**, cuirtear leis na bearta a dtugtar tuairisc orthu faoi rogha 3 agus leathnaítear a raon feidhme. Cumhdaítear leis an n**gníomhaíocht reachtach** ní hamháin na príomhchionta arm tine, ach **cionta eile a bhaineann le hairm thine** |

amhail athghníomhachtú aindleathach arm díghníomhachtaithe, bróicéireacht aindleathach, sáruithe ar thrádbhac arm, agus mí-iompar i gcomhthéacs taifid a choinneáil agus ceadúnú. Ina theannta sin, foráiltear leis an rogha d'oibleagáid ar na Ballstáit sonraí maidir le gáinneáil ar airm thine a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain.

Is í **Rogha 3** an rogha thosaíochta, toisc go dtugann sí aghaidh ar na fadhbanna agus na cuspóirí uile a sainaithníodh ar bhealach comhréireach agus éifeachtach. Meastar nach bhfuil Rogha 1 éifeachtach go leor aisti féin toisc nach dtabharfaidh bearta neamhreachtacha spreagadh leordhóthanach d'athrú suntasach. Le Rogha 2, thabharfaí aghaidh ar na fadhbanna agus na cuspóirí uile, ach meastar nach bhfuil sí chomh héifeachtach céanna mar gheall ar easpa tacaíochta breise chun í a chur chun feidhme. Meastar go bhfuil Rogha 4 éifeachtach chun na cuspóirí atá luaite a bhaint amach ach cuireann a cur chun feidhme ualach díréireach ar na Ballstáit.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Bhí tuairimí éagsúla ag páirtithe leasmhara maidir leis na roghanna beartais, agus thug cuid acu tús áite don chonair neamhreachtach, rud a chuir in iúl gur cheart é a bheith ina fhreagracht náisiúnta i gcónaí aghaidh a thabhairt ar chionta a bhaineann le hairm thine, agus thacaigh cuid eile acu le tionscnamh reachtach atá dírithe ar shraith leathan cionta a bhaineann le hairm thine. I ndáil leis sin, dealraíonn sé gurb í an rogha thosaíochta an rogha is dóichí a réiteoidh na seasaimh éagsúla.

Tugtar le fios leis an treocht ghinearálta le linn an chomhairliúcháin phoiblí go dtacaíonn na Ballstáit le tionscnamh reachtach chun sainmhínithe éagsúla a chomhchuibhiú, lena n-áirítear cruthú, seilbh agus scaipeadh aindleathach na n-ábhar intleachtúil le haghaidh priontáil 3T (treoirphleananna) a choiriúlú. Go ginearálta, ba chosúil gurbh iad na húdaráis phoiblí na húdaráis ba mhó a thacaigh leis an tionscnamh reachtach i measc na bpáirtithe leasmhara. Mhol go leor Ballstát cur chuige maidir le roghanna a chomhcheangal, go háirithe chun cineálacha agus leibhéil smachtbhannaí a chomhchuibhiú.

Tháinig an cur i gcoinne ba mhó in aghaidh an tionscnaimh ó sciar de shaoránaigh den Aontas agus ó dhaoine nach saoránaigh den Aontas iad, ach léiríonn an anailís ar na freagraí, áfach, go bhféadfadh sé nár thuig go leor acu cuspóirí an tionscnaimh go hiomlán: cháin roinnt saoránach an tionscnamh agus dúirt siad nár cheart don Aontas díriú ar shaoránaigh tá géilliúil don dlí agus ar úinéirí dlíthiúla ach gur cheart dó díriú ar an bhfreagairt forfheidhmithe dlí a threisiú agus díriú ar an margadh neamhdhleathach. Tá an dá cheann acu go díreach i measc chuspóirí an tionscnaimh.

## C. Tionchair na rogha ab fhearr

**Cad iad na tairbhí a bhaineann leis an rogha ab fhearr (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Leis an rogha beartais ab fhearr, chuirfí deireadh leis na neamhréireachtaí idir creat coiriúil na mBallstát trí shainmhínithe na gcionta éagsúla a bhaineann le hairm thine agus íosleibhéil na bpionós uasta is infheidhme a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. Chuirfeadh sé cosc ar chiontóirí leas a bhaint as na bealaí éalaithe agus na bearnaí ina n-oibríochtaí. Dá ndéanfaí an creat coiriúil a chomhchuibhiú, chuirfí feabhas ar an gcomhar trasteorann idir na Ballstáit agus bheadh sé níos éasca do na húdaráis náisiúnta cionta ábhartha a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

Leis an rogha beartais ab fhearr, bhunófaí tacair sonraí íosta agus comhroinnt sonraí urghabhála leis an Mol Eorpach maidir le hAirm Thine in Europol, rud a chuirfeadh feabhas

| |
|---|
| ar infhaighteacht agus ar cháilíocht na sonraí, rud a chuirfeadh feabhas ar an anailís ar an mbagairt agus ar na himscrúduithe, rud a d'éascódh comhar trasteorann agus a threoródh gníomhaíocht bheartais amach anseo. Leis an rogha beartais ab fhearr, thabharfaí aghaidh a thuilleadh ar an mbagairt mhéadaitheach a bhaineann le hairm thine a mhonaraítear go príobháideach, ar airm thine iad atá níos deacra a rianú agus ar féidir iad a tháirgeadh go héasca trí threoracha a fhaightear ar líne a leanúint.<br><br>Chuideodh an rogha beartais ab fhearr leis an líon ard arm tine aindleathach atá i gcúrsaíocht a laghdú agus le slándáil shaoránaigh an Aontais Eorpaigh a fheabhsú go díreach. |
| **Cad iad costais a bhaineann leis an rogha ab fhearr (más ann di; murab ann, cad iad na costais a bhaineann leis na príomhroghanna)?** |
| Bheadh imscrúduithe níos éifeachtaí agus raon níos leithne cionta a bhaineann le hairm thine agus comhpháirteanna bunriachtanacha mar thoradh ar an rogha beartais ab fhearr. Ar na costais ghaolmhara bheadh an gá le foireann bhreise sna Ballstáit chun an méadú a d'fhéadfadh teacht ar líon na gcásanna coireachta a bhaineann le hairm thine a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Meastar gurb ionann na costais sin agus EUR 4,069,175 in aghaidh na bliana san iomlán do na Ballstáit uile le linn na chéad chúig bliana ar a laghad.<br><br>Meastar go dtiocfaidh méadú ar chostais riaracháin do ranna fóiréinseacha na mBallstát i ndáil le líon na n-arm tine urghafa. Meastar gurb ionann na costais sin agus EUR 574,564 in aghaidh na bliana le haghaidh costais riaracháin maidir le tuarascálacha balaistíocha i ngach ceann de na 27 mBallstát agus EUR 332,107 breise in aghaidh na bliana le haghaidh tuarascálacha balaistíocha maidir le treoirphleananna digiteacha.<br><br>Ina theannta sin, meastar gurb é EUR 12 070 917 na costais riaracháin a bhaineann le Pointí Fócasacha Náisiúnta Arm Tine a bhunú agus a fhorbairt go hiomlán i ngach ceann de na 27 mBallstát agus gurb é EUR 10 800 000 na costais riaracháin a bhaineann le sonraí a bhaineann le hairm thine a chomhchuibhiú i mbunachair sonraí náisiúnta i ngach ceann de na 27 mBallstát.<br><br>Trí chreat rialála coiriúil an Aontais maidir le cionta a bhaineann le hairm thine a chomhchuibhiú, rannchuideofar le costas eacnamaíoch an fhoréigin arm tine san Aontas Eorpach a laghdú. Cé nach bhfuil aon taighde cinntitheach ann maidir leis na costais eacnamaíocha a bhaineann le foréigean arm tine san Aontas, meastar in anailís ina gcomhcheanglaítear taighde a rinneadh tríd an tionscadal INSIGHT arna mhaoiniú ag an Aontas agus taighde ar an gcostas a bhaineann le cás sonrach amháin de lámhach ón tSualainn go mbeidh costas na lámhach do shochaí na Sualainne thart ar EUR 120 go 140 milliún don chéad leath de 2024. Tá an figiúr go hiomlán teoiriciúil toisc go mbraitheann sé ar an hipitéis gur féidir costas an lámhaigh shonraigh amháin sin a eachtarshuí agus a chur i bhfeidhm maidir le gach lámhach a tharla sa tSualainn sa chéad leath de 2024. Mar sin féin, léiríonn sé nach diomaibhseach iad na costais a bhaineann le foréigean a bhaineann le hairm thine, cé gur deacair iad a mheas. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Ní bheadh aon tionchar diúltach ag an rogha beartais ab fhearr ar an margadh dlíthiúil. Rachadh sé chun tairbhe do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna, trína gcosaint ar iomaíocht éagórach ó ghníomhaíocht neamhdhleathach a mbíonn tionchar diúltach aici ar íomhá na hearnála ina hiomláine agus a mbíonn caillteanas brabúis mar thoradh uirthi.<br><br>Dá ndéanfaí coiriúlú ar tháirgeadh, seilbh agus scaipeadh aindleathach treoirphleananna |

| |
|---|
| digiteacha agus na gcruachóipeanna chun airm thine nó comhpháirteanna bunriachtanacha a mhonarú, chuideofaí le gnó dlíthiúil trí na cearta intleachtúla atá acu ar na samhlacha nó ar nuálaíochtaí a chosaint. |
| **An imreofar tionchar mór ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Meastar gur thart ar EUR 135,000,000 san iomlán do na Ballstáit uile le linn na chéad cúig bliana a bheidh sna costais bhliantúla ar bhaill foirne bhreise sna Ballstáit chun cásanna coireachta arm tine a imscrúdú agus a ionchúiseamh, chomh maith le costais riaracháin bhreise na ranna fóiréinseacha.<br><br>Meastar gurb é EUR 22 870 917 an costas aonuaire a bhaineann le Pointí Fócasacha Náisiúnta Arm Tine a bhunú agus a fhorbairt go hiomlán agus sonraí a bhaineann le hairm thine a chomhchuibhiú i mbunachair sonraí náisiúnta i ngach ceann de na 27 mBallstát.<br><br>Áirítear sa rogha beartais ab fhearr bearta maidir le tacar sonraí íosta comhchuibhithe a bhunú maidir le hairm thine a urghabháil. Bheadh ar roinnt Ballstát a mbunachar sonraí a atheagrú chun an tacar sonraí comhchuibhithe a chur chun feidhme. |
| **An mbeidh aon tionchar mór eile i gceist?** |
| Rachaidh an tionscnamh chun tairbhe freisin don chomhrac in aghaidh coireanna eile amhail sciúradh airgid, sceimhlitheoireacht, gáinneáil ar dhrugaí, coireanna foréigneacha, góchumadh nó cineálacha eile coireachta eagraithe a bhfuil réimse reachtaíochta glactha ag an Aontas ina n-aghaidh le blianta beaga anuas. Ós rud é gur minic a bhaineann cionta a bhaineann le hairm thine leis na coireanna sin, rannchuideodh reachtaíocht níos éifeachtaí le straitéisí éifeachtacha forfheidhmithe dlí choiriúil agus chuirfí feabhas foriomlán ar shlándáil shaoránaigh an Aontais Eorpaigh.<br><br>Beidh tionchar speisialta ag an tionscnamh ar shaoránaigh óga, ós rud é go gcuireann airm thine aindleathacha leis an bhfeiniméan, ar ábhar imní é, ina ndéantar gníomhaíochtaí coiriúla d'Eorpaigh óga agus ina bhfuil siad féin thíos le foréigean arm tine. |
| **D. Obair leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| 5 bliana tar éis trasuí, agus an t-am is gá chun sonraí a chur i bhfeidhm agus a bhailiú á chur san áireamh. |